

# Eleathanach119

Dé Luain 17 Meán Fomhair 2012

Fáilte ar ais ón E-leathanach. Tá súil ag an E-leathanach go raibh samhradh deas agaibh go léir.

## X Factor

Tá an X Factor ar ais ar an teilifís arís. Tá triúr moltóirí ón mbliain seo caite ar an gclár arís i mbliana. Chomh maith le Gary, Louis, agus Tulisa tá moltóir nua ar an gclár freisin. Tá Nicole Scherzinger ina moltóir ar an gclár. Is amhránaí í agus bhí sí sa ghrúpa *Pussycat Dolls*.

Cúpla bliain ó shin bhí Mary Byrne ag canadh ar X Factor. Tá sí ar ais ar an teilifís arís. Tá sí ag obair mar bhainisteoir ar fhoireann peile ar an gclár *Celebrity Bainisteoir* ar RTE1. Bíonn an clár ar siúl tráthnóna Dé Domhnaigh.



Gary, Louis agus Tulisa leis an moltóir nua, Nicole.



Joanne O'Riordan  
Pearsa Óg na Bliana



Katie Taylor  
lena bonn óir

## Pearsa Na Bliana

Gach bliain bronnann Rehab duaiseanna ar dhaoine don obair a rinne siad i rith na bliana. Bhí ócáid speisialta ar siúl oíche Shathairn chun na duaiseanna a bhronnadh.

Bhuaigh Katie Taylor an duais do Phearsa Spóirt na Bliana. Ag na cluichí Oilimpeacha bhuaigh Katie Taylor bonn óir sa dornálaíocht.

Bhuaigh Joanne O'Riordan an duais do Phearsa Óg na Bliana. Is féidir an liosta iomlán de na buaiteoirí a fháil ag [www.peopleoftheyear.com](http://www.peopleoftheyear.com)

## Cluichí Ceannais Camógaíochta na hÉireann

Dé Domhnaigh bhí trí chluiche ceannais camógaíochta ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. Sa chéad chluiche bhuaigh an Mhí i gcoinne an Dúin. Chríochnaigh an dara cluiche ar comhscór idir Gaillimh agus Doire. Beidh orthu cluiche eile a imirt ar 29 Meán Fómhair.

Ansin bhí cluiche idir Loch Garman agus Corcaigh. Bhuaigh Loch Garman an cluiche. Seo an tríú huair a bhuaigh Loch Garman an cluiche ceannais sinsearach le trí bliana anuas.

Thíos tá na torthaí ó na cluichí.

Cluiche Ceannais Shinsearach: **Loch Garman 3-13 Corcaigh 3-06**

Cluiche Ceannais Idirmheánach: **Doire 3-12 Gaillimh 3-12**

Cluiche Ceannais Shóisearach: **An Mhí 1-11 An Dún 1-09**

Bhuaigh Loch Garman  
agus An Mhí



An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Eleathanach Choláiste Oideachais Froebel, Sion Hill, An Charraig  
Dhubh, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

